

Triail Bhlais – Turgnamh Truailleán Folaithe



SCOILEANNA GLASA
FAN SA BHAILE - UISCE

Go minic bíonn ár n-aibhneacha, lochanna agus aigéin truailithe le ceimiceáin nach féidir linn a fheiceáil. Cibé acu ó thionscal, rith chun srutha talmhaíochta, fuíolluisce nó dramhaíl tí amhail táirgí glantacháin shaorga, is féidir leis na ceimiceáin seo tionchar dian a imirt ar phlandaí agus ar ainmhithe uisceacha.

Sa turgnamh seo beidh tú ag socrú sé ghloine a bhfuil an chuma uisce orthu ar an gcéad amharc - ach beidh ar do dheonach (do dheonaigh) a gcuid céadfaí bolaidh agus blais a úsáid chun a fháil amach cad iad na “truailleáin” i bhfolach! Is bealach spráíúil é an turgnamh seo chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le truailiú uisce.

Cloígh i gcónaí leis na treoirlínte sábháilteachta Covid-19 ó FSS agus gníomhaíochtaí de chuid Chlár na Scoileanna Glasa á ndéanamh agat.

Am socraithe: 15 nóiméad

Am feithimh: Dada

Céard atá ag teastáil uait?

1. Thart ar 6 x gloine soiléire, b'fhearr den mhéid agus den chruth céanna
2. Baitíní cadáis (tá na cinn pháipéir éiceabhách)




3. Comhábhair “truailleán”: Fínéagar bán, uiscí socra blaitithe (e.g. líomóid & líoma, agus sú talún, nó 7up leamh), salann, siúcra, lus an phiobair agus/nó úscra fanaile
4. Rochtain ar sconná
5. Peann agus páipéar
6. Citeal (roghnach - iarr cuidiú ar dhuine fásta!)
7. Deonach cróga ar a laghad

Rabhadh! Déan cinnte go seiceálann tú nach bhfuil aon ailléirgí ag aon deonach ar aon cheann de na comhábhair atá á n-úsáid agat.

Céard atá le déanamh agat?

1. Déan cinnte nach bhfuil do dheonach sa seomra agus tú ag socrú, déan cinnte aon fhianaise ar “thruailleán” (e.g. buidéal fínéagair) a cheilt sula dtagann siad isteach.
2. Socráigh do shé ghloine i ndiaidh a chéile ar thábla - is féidir leat iad a lipéadú “a” go “f”. Ar do pháipéar scríobh na huimhreacha “a” go “f” i gcolún.



3. Líon gach gloine le ceann amháin díobh seo a leanas (ní gá iad a líonadh an-ard, ach déan cinnte go bhfuil siad uile ar an leibhéal céanna):
 - a. Uisce
 - b. Uisce siúcra (féach an chéad leathanach eile “Ag Déanamh Truailleán”)
 - c. Fínéagar bán



- d. Uisce líomóide agus líoma
- e. Uisce salainn
- f. Uisce ina bhfuil cúpla braon de lus an phiobair nó d'úsra fanaile

4. Déan nóta ar do bhileog páipéir de na rudaí a chuireann tú i ngach gloine (ná taispeáin seo don deonach!). Ba chóir go mbeadh an chuma chéanna ar na gloiní uile (cosúil le huisce!) - d'fhéadfadh go mbeadh dath beag ar roinnt "truailleán" amhail úscra fanaile, mar sin ná húsáid ach braon nó dhó chun é seo a íoslaghú.

5. Nuair atá tú réidh iarr ar do dheonach teacht agus breathnú ar an turgnamh - fiafraigh díobh cad a fheiceann siad? An bhfuil an chuma chéanna ar na gloiní "uisce" uile?



6. Inis do do dheonach go ndéanfaidh siad imscrúdú ar inneachar na ngloiní. Iarr ar do dheonach baitín cadáis a thumadh i nGloine A agus é a bholadh agus a bhlaiseadh. Cad a mheasann siad atá ann? Cén boladh atá air? Cén blas atá air? Breac síos na freagraí.

7. Déanann do dheonach Céim 6 arís do na sé ghloine. Má tá roinnt deonach agat atá ag glacadh páirte, ba chóir dóibh baitíní cadáis a athrú do gach gloine chun dea-shláinteachas a áirithiú.

8. Nuair a bhíonn siad críochnaithe, taispeáin na freagraí agus cuir iad i gcomparáid lena dtomhais.

Ceisteanna

- Cá mhéad a thomhais siad i gceart? An raibh iontas orthu faoi aon chinn?
- Is furasta truailliú bruscair a fheiceáil ach an bhféadfá smaoineamh ar fhoinsí de thruailliú uisce nach féidir a fheiceáil? Cad iad na cineálacha eile truailithe comhshaoil (ní uisce amháin) atá ann nach féidir a fheiceáil?

Ag Déanamh Truailleán

- Chun uisce siúcra nó uisce salainn a dhéanamh is fearr má thosaíonn tú ag baint úsáide as uisce te (ní gá go mbeadh sé ag fiuchadh), mar tugann sé seo deis don siúcra/salann tuaslagadh níos éasca. Níl le déanamh ach taespúnóg nó dhó den siúcra/salann a chur san uisce te agus corraigh go maith é chun tuaslagadh, ansin lig é chun fuarú roimh an turgnamh.
- Níl sna “truailleáin” a úsáidtear sa turgnamh seo ach sampla - an bhféadfá smaoineamh ar chinn eile? Mar shampla, is féidir uisce gairleoige a dhéanamh trí chúpla clóbh gairleoige scafa a chur in uisce te thar oíche... mmm blasta!



Faigh amach tuilleadh faoi thruailliú uisce:

<https://www.worldwildlife.org/threats/pollution>

<https://www.epa.ie/irelandsenvironment/water/>

<http://www.swanireland.ie/threats-to-our-waters>

Déan do tháirgí glantacháin nádúrtha féin:

<https://greenschoolsireland.org/resources/cleaner-cleaning-products/>

<https://littlegreenshop.ie/2018/10/homemade-cleaning-recipes-and-tips/>

